NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10629 – CSL / VIFOR PHARMA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 180/05)

1. An 26 Aibreán 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— CSL Behring AG ("CSL Behring", an Astráil), atá á rialú ag CSL Limited ("CSL", An Astráil), ar cuideachta phoiblí í atá liostaithe ar Stocmhalartán na hAstráile,

— Vifor Pharma Limited ("Vifor Pharma", an Eilvéis), ar cuideachta phoiblí í atá liostaithe ar Stocmhalartán na hEilvéise.

Gheobhaidh CSL rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Vifor Pharma.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a d'fhogair CSL Limited an 14 Nollaig 2021.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta bhiteicneolaíochta é CSL ag a bhfuil punann cógas, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann cóireáil ar haemaifilia agus easnaimh imdhíonachta (trí CSL Behring), chomh maith le vacsaíní chun an fliú a chosc (trí Seqirus), agus trí CSL Plasma, rannóg de CSL Behring, oibríonn sé líonra bailithe plasma,

— Tá Vifor Pharma gníomhach ar fud an domhain i bhforbairt, monarú, agus margaíocht táirgí cógaisíochta le haghaidh cóireáil easnamh iarainn, neifreolaíocht (cúram na ndúan), agus teiripí cardadhúanacha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10629 – CSL / VIFOR PHARMA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").